Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 30 Deireadh Fómhair 2023
(OR. en)

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0312(NLE)**

**14065/23**
**ADD 1**

**EEE 26**
**RECH 445**
**FEROE 4**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | DRÉACHTCHINNEADH ÓN gCOMHCHOISTE IDIR AN tAONTAS EORPACH AGUS OILEÁIN FHÁRO lena nglactar a Rialacha Nós Imeachta |

DRÉACHT

**CINNEADH Uimh. …/…**
**ÓN gCOMHCHOISTE IDIR AN tAONTAS EORPACH AGUS OILEÁIN FHÁRO**

**an ...**

**lena nglactar a Rialacha Nós Imeachta**

TÁ AN COMHCHOISTE IDIR AN tAONTAS EORPACH AGUS NA hOILEÁIN FHÁRO,

Ag féachaint don Chomhaontú idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus Rialtas Oileáin Fharó, den pháirt eile, maidir le rannpháirtíocht Oileáin Fharó i gcláir an Aontais[1] ('an Comhaontú') agus go háirithe Airteagal 14(3) de,

[1] IO L 154, 7.6.2022, lch. 4.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le hAirteagal 15(2) den Chomhaontú, tá an Comhaontú á chur i bhfeidhm go sealadach ó bhí an 24 Bealtaine 2022 ann tar éis d'Oileáin Fharó fógra a thabhairt maidir le tabhairt chun críche a nósanna imeachta inmheánacha is gá chun na críche sin.

(2) Le hAirteagal 14(3) den Chomhaontú, déantar foráil go bhfuil an Comhchoiste lena Rialacha Nós Imeachta a ghlacadh, chun cur chun feidhme éifeachtach cuí an Chomhaontaithe a áirithiú,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leis seo, glactar Rialacha Nós Imeachta an Chomhchoiste, mar atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh …,

*Thar ceann an Chomhchoiste*
*Na Comhchathaoirligh*